CINNEADH (AE) 2023/1205 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Meitheamh 2023

lena gceaptar comhalta agus cúigear comhaltaí malartacha arna moladh ag Ríocht na Sualainne, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó rialtas na Sualainne,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Karin WANNGÅRD éirí as oifig.

(4) Tá suíocháin ceathrar comhaltaí malartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Linda Allansson WESTER, Suzanne FRANK, Sara HELGE VIKMÅNG agus Charlotte NORDSTRÖM éirí as oifig.

(5) Tiocfaidh suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún chun bheith folamh tar éis cheapadh Åsa ÅGREN WIKSTRÖM mar chomhalta de Choiste na Réigiún.

(6) Mhol Rialtas na Sualainne Åsa ÅGREN WIKSTRÖM, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach í agus a bhfuil aici sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Ledamot i regionfullmäktige, Region Västerbotten* (Comhalta de Thionól Réigiúnach Réigiún Västerbotten), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

(7) Mhol rialtas na Sualainne na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla iad agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: William ELOFSSON, *Ledamot i kommunfullmäktige, Gävle kommun* (comhairleoir bardasachta, bardasacht Gävle), Anders JOSEFSSON, *Ledamot i regionfullmäktige, Region Norrbotten* (comhairleoir réigiúnach, réigiún Norrbotten), Elisabet LANN, *Ledamot i kommunfullmäktige, Göteborgs kommun* (comhairleoir bardasachta, bardasacht, Goteborg), Michael ROSENBERG, *Ledamot i kommunfullmäktige, Helsingborgs kommun* (comhairleoir bardasachta, bardasacht Helsingborg), agus Anna-Karin SKATT, *Ledamot i regionfullmäktige, Västra Götalandsregionen* (comhairleoir réigiúnach, réigiún Västra Götaland),

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

([2]) Cinneadh (AE)2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad agus sainordú toghchánach acu, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

(a) mar chomhalta:

— Åsa ÅGREN WIKSTRÖM, *Ledamot i regionfullmäktige, Region Västerbotten* (comhairleoir réigiúnach, réigiún Västerbotten),

agus

(b) mar chomhaltaí malartacha:

— William ELOFSSON, *Ledamot i kommunfullmäktige, Gävle kommun* (comhairleoir bardasachta, bardasacht Gävle),

— Anders JOSEFSSON, *Ledamot i regionfullmäktige, Region Norrbotten* (comhairleoir réigiúnach, réigiún Norrbotten),

— Elisabet LANN, *Ledamot i kommunfullmäktige, Göteborgs kommun* (comhairleoir bardasachta, bardasacht Goteborg),

— Michael ROSENBERG, *Ledamot i kommunfullmäktige, Helsingborgs kommun* (comhairleoir bardasachta, bardasacht Helsingborg),

— Anna-Karin SKATT, *Ledamot i regionfullmäktige, Västra Götalandsregionen* (comhairleoir réigiúnach, réigiún Västra Götaland),

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 20 Meitheamh 2023. ,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
R. POURMOKHTARI